

Físeáin: Fís - Corp agus Anam

Gníomhaíocht 1 – Meaitsáil:

- Déan iarracht na leaganacha Gaeilge agus Béarla a mheaitseáil le chéile.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.
- Féachaigí/Éistigí leis an mír físe agus féachaigí ar na freagraí arís.

Cúirteanna	Insight
Abhcóide	Control
Ceartas	Barrister
Léargas	Frustration
Smacht	Corruption
Dochreidte	Courts
Dúil	Petty
Frustrachas	Desire
Caimiléireacht	Unbelievable
Suarach	Justic

Gníomhaíocht 2 – Ceisteanna ginearálta:

- Féach ar/Éist leis an mír físe faoi dhó agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.
- Déan do fhreagraí a roinnt leis an duine in aice leat.

- 1) Cén fáth ar scríobh Darach Mac Con Iomaire an tsraith Corp + Anam?
- 2) Cad air a ndéanfaimid dearmad, dar le Darach?
- 3) Cá bhfuil an scian á cur?
- 4) Cad a dúirt an t-abhcóide sna Ceithre Chúirt?
- 5) Céard atá á dhéanamh ag Corp + Anam nach bhfuil déanta cheana?
- 6) Cén tagairt a dhéantar don bhanna ceoil The Frames?
- 7) Cé a bhíonn ag insint bréag dúinn, dar le Darach?

Gníomhaíocht 3: Líon na Bearnaí:

Féach ar/Éist leis an mír físe arís agus déan iarracht na bearnaí seo a líonadh.

- 1) Tá tú tagtha go dtí an áit mhícheart le _____ a bhaint amach.
- 2) Níl mé chun scéal a chlúdach atá _____.
- 3) Ní _____ cén stair _____ atá aige.
- 4) Ag ceistiú _____ oifigiúil.
- 5) Ag taisteal ar fud na _____.